2026/2236

5.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2236 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 30 Meán Fómhair 2026

lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh sainorduithe 14 Bhreitheamh agus 6 abhcóide ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhair 2027.

(2) I bhfianaise an mhéid sin, moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarma oifige Niels FENGER mar Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais. Ba cheart, dá bhrí sin, Niels FENGER a cheapadh don phost sin don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2027 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2033.

(3) Thug an painéal a bunaíodh faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Niels FENGER ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2027 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2033.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meán Fómhair 2026.

An tUachtarán

A. O'DONOGHUE